

### A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin bparáid is luaithe (*the earliest parade*) in Éirinn ar Lá Fhéile Pádraig. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat:                                       | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:               |
|-----------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------|
| paráid<br>banna fífeanna agus drumaí<br>spórt agus spraoi | <i>The Land War</i><br><i>curfew</i><br><i>dawn</i> |

- Féach ar Bhanna Fífeanna agus Drumaí an Daingin [anseo](#) agus freagair na ceistanna:
  - An maith leat an cineál sin ceoil? Cén fáth?
  - Cén t-am atá sé san fhíseán, dar leat?



- Cad a rinne tú féin ar Lá Fhéile Pádraig i mbliana? Ar bhain tú taitneamh as an lá?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine, nach Éireannaigh iad, a dtaitníonn Lá Fhéile Pádraig leo? Cén fáth a dtaitníonn an lá sin leo?

## B: FOCLÓIR

1. Meitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

|                                      |                               |
|--------------------------------------|-------------------------------|
| 1. ó cheann ceann na tíre            | a. long-standing, established |
| 2. ceiliúradh a dhéanamh             | b. sunset                     |
| 3. seanbhunaithe                     | c. luck of the devil          |
| 4. tionóil                           | d. boost, high spirit         |
| 5. éirí na gréine, breacadh an lae   | e. practice                   |
| 6. luí na gréine, dul faoi na gréine | f. countrywide                |
| 7. baol                              | g. danger                     |
| 8. go n-éalóidh                      | h. curfew                     |
| 9. ardú croí                         | i. sunrise                    |
| 10. cuirfiú                          | j. to celebrate               |
| 11. cleachtadh                       | k. that will escape, get away |
| 12. an t-ádh dearg                   | l. gatherings, get-togethers  |

|   |   |   |   |   |   |   |   |   |    |    |    |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|----|----|----|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|   |   |   |   |   |   |   |   |   |    |    |    |

2. Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí i mBaile Átha Luain. Roghnaigh an chathair chuí ón mbosca ar dheis chun na habairtí thíos a chríochnú:

|                                                            |
|------------------------------------------------------------|
| Beidh mé ag dul ó dheas go <b>Corcaigh</b> amárach.        |
| Chuaigh mé <i>siar</i> go _____ ag an deireadh seachtaine. |
| Thaistil m'iníon <i>soir</i> go _____ inné.                |
| An bhfuil tú ag dul ó thuaidh go _____ go luath?           |

Leitir Ceanainn  
Baile Átha Cliath  
Corcaigh  
Gaillimh.

3. Cén Ghaeilge atá ar *The Land War*? (*war* = cogadh; *land* = talamh). Téigh go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) chun do fhreagra a sheiceáil. Tá tuilleadh eolais faoin gcogadh sin [anseo](#).

4. Féach ar na cineálacha damhsaí thíos. Meitseáil na focail Ghaeilge leis na focail chearta i mBéarla.

|                      |                |
|----------------------|----------------|
| 1. seanmháirseálacha | a. slides      |
| 2. sleamhnáin        | b. old marches |
| 3. polcaí            | c. polkas      |

|   |   |   |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 |
|   |   |   |

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo.

- Bhí cosc ar \_\_\_\_\_ i rith an lae le linn aimsir Chogadh na Talún.
- Ní raibh cead ag daoine teacht le chéile idir \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_.
- Ní raibh \_\_\_\_\_ ar bith ann \_\_\_\_\_ an mhaidin ar mhuintir an Daingin.
- Bhí \_\_\_\_\_ ar mhuintir an bhaile mar go raibh an aimsir go hálainn agus thug an ceol \_\_\_\_\_ do gach duine sa dorchacht.
- Bhailigh daoine le chéile chun \_\_\_\_\_ ar Lá Fhéile Pádraig \_\_\_\_\_.
- Rinne baill an bhanna ceoil cúpla \_\_\_\_\_ roimh Lá Fhéile Pádraig.
- Is traidisiún \_\_\_\_\_ é an pharáid a dhéanamh an-luath ar maidin.
- Chuir Constáblacht Ríoga na hÉireann an \_\_\_\_\_ i bhfeidhm san am.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

|                                                                                              |
|----------------------------------------------------------------------------------------------|
| a) Cá raibh paráidí Lá Fhéile Pádraig ar siúl?                                               |
|                                                                                              |
| b) Cá háit a mbíonn an pharáid is luaithe in Éirinn?                                         |
|                                                                                              |
| c) Cén fáth a mbíonn an pharáid áirithe seo chomh luath sin ar maidin?                       |
|                                                                                              |
| d) Cé a chuir an cuirfiú i bhfeidhm sna 1870idí?                                             |
|                                                                                              |
| e) An maith le daoine óga an cineál ceoil a bhíonn sa pharáid?                               |
|                                                                                              |
| f) Cén cineál ceoil a sheinneann Banna Fífeanna agus Drumaí an Daingin?                      |
|                                                                                              |
| g) Cén fáth a raibh gach duine sásta, de réir an mhéid a dúirt an bhean ag deireadh na míre? |
|                                                                                              |

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (ba ghnách ...)

Baintear úsáid as an bhfrása ‘ba ghnách le...’ chun labhairt faoi rudaí a tharla ar bhonn leanúnach san am a chuaigh thart. Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhfoirm cheart de gach briathar agus athscríobh na habairtí i mBéarla ansin. Tá an chéad cheann déanta duit.

|                                                         |                                        |
|---------------------------------------------------------|----------------------------------------|
| Ba ghnách liom peil Ghaelach <u>a imirt</u> .           | <i>I used to play Gaelic football.</i> |
| Ba ghnách léi (bí) _____ ag obair leis.                 |                                        |
| Ba ghnách liom dialann (coinnigh) _____.                |                                        |
| Ba ghnách liom feoil (ith) _____.                       |                                        |
| Ba ghnách liom (éirigh) _____ go luath.                 |                                        |
| Ba ghnách linn (téigh) _____ ar laethanta saoire ansin. |                                        |
| Ba ghnách liom caife (ól) _____ ar maidin.              |                                        |
| Ba ghnách liom dánta (scríobh) _____ ar an meánscoil.   |                                        |
| Ba ghnách leis marcanna arda (faigh) _____.             |                                        |

- a) Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Smaoinígí ar nósanna nó ar ghnásanna (is leor trí cinn) ar ghnách libh a dhéanamh ach nach ndéanann sibh anois. Abraigí amach dá chéile iad. Mar shampla:

*Ba ghnách liom siúl chun na scoile ach téim ar an mbus anois.*

*Ba ghnách liom éisteacht go leanúnach le Lana del Ray ach ní éistim léi níos mó.*

### 2: Cruinneas gramadaí (pointí ama)

Cuir na focail/frásaí thíos (a chuireann pointí ama in iúl) in abairtí lena brí a léiriú:

|                         |  |
|-------------------------|--|
| le cúpla bliain anuas   |  |
| ar feadh seachtaine     |  |
| ar feadh trí seachtaine |  |
| i gceann míosa          |  |
| i gceann trí mhí        |  |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Bíonn go leor traidisiúin sheanbhunaithe ag baint le féilte móra sa tír seo. Bí ag obair i ngrúpa agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas:

- a) Déanaigí liosta de na féilte is mó in Éirinn.

Lá Fhéile Pádraig  
An Nollaig



- b) Pléigí na nósanna nó na traidisiúin a bhíonn agaih féin le linn na bhféilte sin. Mar shampla:

**Lá Fhéile Pádraig:**

Siúlaim i bparáid na féile gach bliain. / Seinnim sa bhanna fífeanna agus drumáí.

**An Nollaig:**

Ithimid turcaí agus bagún. / Éirím go luath le mo dheirfiúr Lá Nollag.

- c) Pléigí an tslí a bhfuil na nósanna atá agat anois athraithe ó bhí tú níos óige.

**Lá Fhéile Pádraig:**

Ba ghnách liom siúl sa pharáid ach ní bhíonn an t-am agam anois. / Ba ghnách liom seinm sa bhanna fífeanna agus drumáí nuair a bhí mé óg ach ní dhéanaim níos mó é.

**An Nollaig:**

Ba ghnách linn turcaí agus bagún a ithe ach is feoilséantóirí muid anois. / Ba ghnách liom éirí go luath le mo dheirfiúr Lá Nollag ach tá muid róshean anois.



## 2: Scríobh

Scríobh iontráil i do dhialann faoin bhféile is fearr leat – an chúis a bhfuil dúil agat san fhéile sin; na nósanna a bhíonn agat ar an lá; agus an tslí ar cheiliúir tú an fhéile nuair a bhí tú níos óige.

|  |
|--|
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
|------------------------------------------------------|
|                                                      |

## AN SCRIPT

### Eimear Ní Chonaola

Ó cheann ceann na tíre, chruinnigh daoine la chéile i mbailte beaga agus móra, i gcathracha ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain mhóir, go deimhin, le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Fhéile Pádraig – lá mór na nGael. Is ó dheas sa Daingean, i gCorca Dhuibhne, a thosós<sup>1</sup> muid tráthnóna, áit a raibh an pharáid is luaithe in Éirinn. Traidisiún é seo atá seanbhunaithe agus a théann siar chomh fada le Cogadh na Talún, nuair a chuir na húdaráis cosc ar thionóil phoiblí<sup>2</sup> idir éirí agus luí na gréine.

### Seán Mac an tSíthigh

Níl aon bhaol go n-éalóidh an mhaidin ar mhuintir an Daingin. An pharáid is luaithe in Éirinn faoi lán seoil roimh bhreacadh an lae, ardú croí sa dorchacht le ceol fífe agus druma. Traidisiún é seo a théann siar go dtí na 1870idí.

### Fear

Tá sé ag dul siar go dtí aimsir Chogadh na Talún nuair a bhí cuirfiú ar an mbaile ag an RIC (*the Royal Irish Constabulary* – Constáblacht Ríoga na hÉireann) agus Arm na Breataine agus maidir leis an gcuirfiú, ní fhéadaidís dul amach idir breacadh an lae agus dul faoi na gréine so d'imíodar amach roimis<sup>3</sup> bhreacadh an lae.

Leanadh ar aghaidh ó shin leis seo. Ní raibh mé ann an chéad uair ach tá mé anseo inniu ar aon nós.

### Seán Mac an tSíthigh

Le blianta beaga anuas tá spéis mhór á léiriú sa bhanna ceoil ag ceoltóirí óga.

### Ceoltóir óg sa bhanna ceoil

Is breá linn an mhaidin seo mar bíonn spórt agus spraoi againn. Ar feadh cúpla seachtain bíonn cúpla cleachtadh againn in *O'Flaherty's* roimh an lá agus ansin ar an lá beidh muid réidh.

### Aoife Ní Ghrainbhéil

An ceol atá againn, is dócha, tá meascán de rudaí ann – seanmháirseálacha agus sleamhnáin, polcaí agus rudaí mar sin ach téann an ceol siar i bhfad, is dócha, chomh maith. Inniu an t-aon mhaidin amháin go ndéanaimid Lá Fhéile Pádraig agus is iontach an rud é sin *because* téann sé an-ard agus bíonn sé ana-dheacair<sup>4</sup> agus so táimid *actually* ag cleachtadh don lá seo.

### Bean sa lucht féachana

Tá sé go haoibhinn ar fad agus bhí an t-ádh dearg linn, ó thaobh aimsire de, ní fhéadfaimis maidin níos deise a fháil. Tá spiorad ann agus tá daoine sásta ceiliúradh le chéile agus leanúint leis an traidisiún, is dócha, níos mó ná aon ní.

### Seán Mac an tSíthigh

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4 sa Daingean.

<sup>1</sup> 'a thosós' = a thosóidh

<sup>2</sup> 'tionólacha poiblí' a dúradh

<sup>3</sup> roimis = leagan canúnach de 'roimh'

<sup>4</sup> 'an-deacair' a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

### B: FOCLÓIR

#### 1. Freagraí:

|                                   |                                   |
|-----------------------------------|-----------------------------------|
| ó cheann ceann na tíre            | <i>countrywide</i>                |
| ceiliúradh a dhéanamh             | <i>to celebrate</i>               |
| seanbhunaithe                     | <i>long-standing, established</i> |
| tionóil                           | <i>gatherings, get-togethers</i>  |
| éirí na gréine, breacadh an lae   | <i>sunrise</i>                    |
| luí na gréine, dul faoi na gréine | <i>sunset</i>                     |
| baol                              | <i>danger</i>                     |
| go n-éalóidh                      | <i>that will escape, get away</i> |
| ardú croí                         | <i>boost, high spirit</i>         |
| cuirfiú                           | <i>curfew</i>                     |
| cleachtadh                        | <i>practice</i>                   |
| an t-ádh dearg                    | <i>luck of the devil</i>          |

|   |   |   |   |   |   |   |   |   |    |    |    |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|----|----|----|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| f | j | a | l | i | b | g | k | d | h  | e  | c  |

#### 2. Freagraí:

|                                                                         |
|-------------------------------------------------------------------------|
| Beidh mé ag dul ó dheas go <b>Corcaigh</b> amárach.                     |
| Chuaigh mé <i>siar</i> go <b>Gaillimh</b> ag an deireadh seachtaine.    |
| Thaistil m'iníon <i>soir</i> go <b>Baile Átha Cliath</b> inné.          |
| An bhfuil tú ag dul ó <i>thuidh</i> go <b>Leitir Ceanainn</b> go luath? |

3. Cogadh na Talún. Tabhair deis dóibh dul go dtí Vicipéid chun eolas a fháil faoin gcogadh sin.
4. Freagraí:

|                      |                |
|----------------------|----------------|
| 1. seanmháirseálacha | a. old marches |
| 2. sleamhnáin        | b. slides      |
| 3. polcaí            | c. polkas      |

### C: TUISCINT

#### 1. Freagraí:

- Bhí cosc ar **thionóil** i rith an lae le linn aimsir Chogadh na Talún .
- Ní raibh cead ag daoine teacht le chéile idir **éirí na gréine/breacadh an lae** agus **luí na gréine/dul faoi na gréine**.
- Ní raibh **baol** ar bith ann **go n-éalódh** an mhaidin ar mhuintir an Daingin.
- Bhí **an t-ádh dearg** ar mhuintir an bhaile mar go raibh an aimsir go hálainn agus thug an ceol **ardú croí** do gach duine sa dorchacht.
- Bhailigh daoine le chéile chun **ceiliúradh a dhéanamh** ar Lá Fhéile Pádraig **ó cheann ceann na tíre**.
- Rinne baill an bhanna ceoil cúpla **cleachtadh** roimh Lá Fhéile Pádraig.
- Is traidisiún **seanbhunaithe** é an pharáid a dhéanamh an-luath ar maidin.
- Chuir Constáblacht Ríoga na hÉireann an **cuirfiú** i bhfeidhm san am.

#### 2. Féach an script.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir ghnáthchaite & ba ghnách ...)

##### a) Freagraí:

|                                                        |                                                   |
|--------------------------------------------------------|---------------------------------------------------|
| Ba ghnách liom peil Ghaelach <b>a imirt</b> .          | <i>I used to play Gaelic football.</i>            |
| Ba ghnách léi <b>a bheith</b> ag obair leis.           | <i>She used to work with him.</i>                 |
| Ba ghnách liom dialann <b>a choinneáil</b> .           | <i>I used to keep a diary.</i>                    |
| Ba ghnách liom feoil <b>a ithe</b> .                   | <i>I used to eat meat.</i>                        |
| Ba ghnách liom <b>éirí</b> go luath.                   | <i>I used to get up early.</i>                    |
| Ba ghnách linn <b>dul</b> ar laethanta saoire ansin.   | <i>We used to go on holidays there.</i>           |
| Ba ghnách liom caife <b>a ól</b> ar maidin.            | <i>I used to drink coffee in the morning.</i>     |
| Ba ghnách liom dánta <b>a scríobh</b> ar an meánscoil. | <i>I used to writes poems in secondary school</i> |
| Ba ghnách leis marcanna arda <b>a fháil</b> .          | <i>He used to get high marks.</i>                 |

- b) Tabhair deis dóibh an cleachtadh cainte seo a dhéanamh ar feadh cúig nóiméad nó mar sin. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo.

#### 2: Cruinneas gramadaí (pointí ama)

##### Féach:

|                                                |                                                |
|------------------------------------------------|------------------------------------------------|
| le cúpla bliain anuas<br>(for a few years now) | Tá mé i mo chónaí anseo le cúpla bliain anuas. |
|------------------------------------------------|------------------------------------------------|

|                                              |                                                     |
|----------------------------------------------|-----------------------------------------------------|
| ar feadh seachtaine<br>(for a week)          | Bhí mé ar laethanta saoire ar feadh seachtaine.     |
| ar feadh trí seachtaine<br>(for three weeks) | Beidh mé sa Spáinn ar feadh trí seachtaine.         |
| i gceann míosa<br>(in a month's time)        | Beidh mé ag dul ar laethanta saoire i gceann míosa. |
| i gceann trí mhí<br>(in three months' time)  | Beidh sé ar ais san oifig i gceann trí mhí.         |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Léigh trí na treoracha agus na samplaí leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Ba cheart go ndéanadh siad cleachtadh ar an aimsir ghnáthchaite vs an aimsir gnáthláithreach. Seo cuid de na féilte is mó in Éirinn:

An Nollaig; Lá an Dreoilín; Oíche Nollag na mBan; Lá Fhéile Bríde; Lá San Vailintín; Lá Fhéile Pádraig; an Cháisc; Lá Bloom; Samhain.

### 2: Scríobh

Abair leo iontráil ghearr a scríobh ina ndialann ina ndéantar cur síos ar fhéile a thaitníonn leo.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.